

[05_01.mp3](#)

Bileog 5.1

Níor chaith an teaghlach laethanta saoire le chéile i mbliana den chéad uair. Bhí gach duine sásta a rud féin a dhéanamh. Bhuel, tá a fhios agat go bhfuil Pól ina chónaí sa Fhrainc - chaith mé féin agus Peadar coicís leis féin agus a chlann. Ina dhiaidh sin áfach, chuaigh muid go dtí an Spáinn agus chaith muid ceithre lá le Seán i mBarcelona. Á, bhí am an-deas againn ansin, bhí an aimsir go hálainn agus chaith muid ár gcuid ama ag siúl timpeall na cathrach i rith an lae agus ag ithe béilí deasa san oíche. Ní raibh an cúpla linn mar chaith siad an samhradh ag taisteal sular thosaigh siad ar an ollscoil arís. Bhí Clár san Astráil ar feadh trí mhí agus chaith Ciara an trí mhí ag taisteal ar fud na hEorpa.

[05_04.mp3](#)

Bileog 5.4

- Dia duit. Óstán Cheann Sibéal.
- Dia is Muire duit. Ba mhaith liom deireadh seachtaine a chur in áirithe dom féin agus do mo chlann.
- Gan dabht. Cén dáta a bhí ar aigne agat?
- An chéad lá de Bhealtaine?
- Tá brón orm ach tá muid lán an deireadh seachtaine sin.
- Cad é faoin seachtú lá is fiche de Mheitheamh?
- Tá muid lán an deireadh seachtaine sin chomh maith.
- Ceart go leor, tá deireadh seachtaine amháin eile saor agam, an deichiú lá de Lúnasa?
- Fan go gcífidh mé – tá cúpla seomra saor againn. Cé mhéad duine?
- Mé féin, mo bhean chéile agus triúr páistí. Agus an féidir madra a thabhairt linn?
- Tá brón orm ach ní féidir. Ní ghlacann muid le hainmhithe. Cén aois atá na páistí?
- Seacht mbliana, sé bliana agus dhá bhliain.
- So, dhá sheomra beirte mar sin? Agus beidh an leanbh saor in aisce.
- Go hiontach! Cé mhéad atá sé sin ar fad mar sin?
- Fan nóiméad anois, dhá sheomra beirte ar feadh dhá oíche agus i mí Lúnasa – em, beidh sé sin €240.
- Go breá, an bhfuil an bricfeasta san áireamh?
- Níl, beidh sé €3 an duine don bhricfeasta.
- Ceart go leor, agus an bhfuil an bhialann oscailte don lón agus don dinnéar?
- Tá gan dabht. An mbeidh an bricfeasta agaibh mar sin?
- Beidh sé againn maidin Dé Sathairn amháin.
- Ceart go leor... fan go gcífidh mé, €240 móide €32, sin €272 ina iomláine.

- Tá sé sin go breá. Ceist amháin eile – an bhfuil mórán le déanamh sa cheantar?
- Ó tá cinnte, is féidir leat dul ar shiúlóidí sléibhe, dul go dtí na trána sa cheantar, is féidir leat galf a imirt, dul ag iascaireacht, ag marcaíocht agus ag rothaíocht.

[05_05.mp3](#)

Bileog 5.5

- Pádraig: Hi a Chiara, chuala mé go raibh tú féin agus Tomás san Fhionlainn i rith an tsamhraidh!
- Ciara: Bhí, bhíomar ann i mí Lúnasa, bhí am iontach againn.
- Pádraig: An raibh? Tá mé féin ag smaoineamh dul ann le cúpla cara an samhradh seo. Cén cineál lóistín a bhí agaibh?
- Ciara: Fuaireamar árasán ar cíos i mbaile beag faoin tuath. Bhí sé go hálainn ar fad. Bhí cúpla bialann ann agus go leor siopaí ann le bia a cheannach. Bhí sé rómánsúil!
- Pádraig: An raibh? An raibh an t-árasán daor?
- Ciara: Ní raibh sé ró-olc - trí chéad caoga sa tseachtain agus bhí an leictreachas in áireamh ansin.
- Pádraig: Tá sé sin go maith, nach bhfuil?
- Ciara: Tá. Ach má tá tú ag dul le cúpla cara b'fhearr duit árasán a fháil i mbaile níos mó ceapaim.
- Pádraig: Is dócha go bhfuil an ceart agat!